

**Leasú 1**

**Gilles Lebreton, Angelo Ciocca, Paola Ghidoni, Elena Lizzi**  
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil****A9-0281/2023****Emma Wiesner**

An Straitéis Eorpach maidir le próitéin  
(2023/2015(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin (Riail 181(3) de na Rialacha Nós Imeachta) a thagann in ionad tairisceana neamhreachtaí i gcomhair rúin A9-0281/2023**

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le straitéis próitéine na hEorpa**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint do rún uaithi an 17 Aibreán 2018 maidir le straitéis Eorpach chun barra próitéine a chur chun cinn – táirgeadh plandaí próitéine agus plandaí léagúmacha a spreagadh in earnáil talmhaíochta na hEorpa<sup>1</sup>,
  - ag féachaint do rún uaithi an 24 Márta 2022 maidir leis an ngá atá le plean gníomhaíochta práinneach AE chun slándáil bia a áirithiú laistigh den Aontas agus lasmuigh de i bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin<sup>2</sup>,
  - ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Samhain 2022 dar teideal Towards a Strong and Sustainable EU Algae Sector [I dTreo Earnáil Algaí AE atá Láidir agus Inbhuanaithe];
  - ag féachaint d’Airteagail 119, 120, 168 agus 169 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 22 Samhain 2018 maidir le forbairt próitéiní plandaí san Aontas Eorpach (COM(2018)0757),
  - ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iascach,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A9-0281/2023),
  - ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,
- A. de bhrí go bhfuil próitéin riachtanach do dhaoine agus d’ainmhithe araon agus, dá bhrí sin, gur comhpháirt fhíor-riachtanach í de bhia agus de bheatha a chaitear ar bhonn

---

<sup>1</sup> IO C 390, 18.11.2019, lch. 2.

<sup>2</sup> IO C 361, 20.9.2022, lch. 2.

laethúil;

- B. de bhrí go raibh éifeachtaí suntasacha ag paindéim COVID-19 agus ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar thrádáil Eorpach agus ar thrádáil dhomhanda, á chur i bhfios go láidir gur gá do AE a shlabhraí soláthair bia agus beatha a éagsúlú chun a neamhspleáchas a mhéadú agus a spleáchas ar ionchuir ó sholáthraí eachtrach amháin nó ó roinnt soláthraithe eachtracha a laghdú chun táirgeadh baile próitéine plandaí agus athléimneacht fhoriomlán earnáil próitéine AE a neartú;
- C. de bhrí go dtáirgeann AE 77% den phróitéin bheatha a úsáideann sé (ag ardú go 96% i gcás beatha a bhfuil cion íseal próitéine inti, agus 89% i gcás beatha a bhfuil cion meánach próitéine inti); de bhrí, áfach, nach dtagann ach 29% den bhunábhar ardphróitéine atá ag teastáil chun beatha ainmhithe a chothromú ó AE; de bhrí, mar thoradh air sin, go bhfuil AE ag brath go mór ar allmhairí táirgí plandaí ardphróitéine ó thíortha nach de AE, rud a fhágann go bhfuil AE ag brath ar allmhairí pónairí soighe agus mine ó na Stáit Aontaithe agus ó Mheiriceá Theas;
- D. de bhrí, cé go bhfuil feabhas tagtha ar tháirgeadh barr ar mhórán próitéine in AE le 10 mbliana anuas, tá easnamh suntasach fós ann i dtáirgeadh baile atá tar éis spleáchas trom AE a dhaingniú ar allmhairiú barr ar mhórán próitéine ó thíortha nach de AE;
- E. de bhrí go gcabhraíonn barra léagúmacha agus féarthailte le cáilíocht agus torthúlacht na hithreach a chothabháil agus a fheabhsú, leis an mbithéagsúlacht a mhéadú, le carbón agus nítrigin a shocrú agus le cur le coinneáil uisce; de bhrí gur féidir léagúim a fhás le níos lú leasachán ceimiceach mar gheall ar shiombóis le baictéir ithreach; de bhrí, d'ainneoin gur beag brabúsacht eacnamaíoch atá ann, go gcuireann fás barraí léagúmacha go mór le hathruithe aeráide agus tionchair eile ar an gcomhshaol a mhaolú, chomh maith le brú fiailí a laghdú;
- F. de bhrí go bhféadfadh ról lárnach a bheith ag teicníochtaí pórúcháin nua i mbrabúsacht a fheabhsú trí thorthaí a ardú, trí chion agus cáilíocht próitéine a mhéadú, trí bharra a lamháil do dhálaí réigiúnacha agus iad a dhéanamh níos athléimní do dhálaí aimsire agus pataiginí;
- G. de bhrí gur féidir tacú le saothrú barra próitéine agus féarthailte leis an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT);
- H. de bhrí go ngineann próiseáil barra próitéine agus féarthailte seachtháirgí is féidir a úsáid chun críocha éagsúla amhail leasachán nó bia ainmhithe; de bhrí go dtáirgeann beostoc leasachán luachmhar mar fhotháirge, rud a chuireann le hathléimneacht an táirgthe bia; de bhrí gurb iad leasacháin shintéiseacha den chuid is mó a sholáthraíonn an nítrigin is gá chun barra a fhás, ar leasacháin iad atá costasach agus atá dian ar fhuinneamh chun iad a tháirgeadh; de bhrí, mar chuid de chórais bhainistíochta aoiligh chomh maith le húsáid shábháilte sloda séarachais, go méadaíonn RENURE (nítrigin aisghafa ó aoileach) éifeachtúlacht acmhainní;
- I. de bhrí gur féidir le feirmeoireacht ainmhithe próitéiní atá an-bhith-infhaighte a tháirgeadh do chothú an duine; cé go bhfuil aiste bia sláintiúil bunaithe ar éagsúlacht agus ar chothromaíocht, a chuimsíonn tomhaltas feola don chuid is mó daoine;

- J. de bhrí go dtáirgeann táirgeadh barr de gach cineál barra talmhaíochta, lena n-áirítear barra próitéine, bithmhais atá do-ite den chuid is mó do dhaoine (gineann cileagram amháin de phróitéin phlanda-bhunaithe thart ar thrí go cúig chileagram bithmhaise atá inite ag athchogantaigh amháin);
- K. de bhrí go gcuireann tomhaltas próitéiní ainmhithe a tháirgtear go háitiúil agus go hinbhuanaithe le slándáil bia AE agus go gcuireann sé le beogacht cheantair thuaithe na hEorpa; de bhrí go dtáirgtear próitéiní ainmhithe in AE de réir cuid de na caighdeáin inbhuanaitheachta is airde ar domhan, agus leas ainmhithe, an aeráid agus an comhshaol á gcur i gcuntas; de bhrí gur cuid thábhachtach d'aiste bia chothrom próitéiní ainmhióch; de bhrí go bhfuil feirmeoireacht ainmhithe AE ag brath go mór ar allmhairí barraí ina bhfuil cion ard próitéine, a fhástar ar thalamh arúil lasmuigh de AE;
- L. de bhrí, trí athléimneacht agus slándáil bia na hEorpa a fheabhsú trí phróitéiní ainmhithe a tháirgtear in AE a thomhailt, go gcuirtear le táirgeadh níos inbhuanaithe ar fud an domhain agus go dtugtar luach saothair d'fhios gnó agus do bharr feabhais póraitheoirí Eorpacha ar annamh a léiríonn a n-ioncam a n-iarrachtaí chun leas ainmhithe, frithsheasmhacht in aghaidh frithmhiocróbach, caomhnú tírdhreach agus leagáide cultúrtha a chur i gcuntas, agus go bhfuil siad tiomanta d'fheoil ardcháilíochta a tháirgeadh ar phraghas inacmhainne;
- M. de bhrí go gcuireann próitéiní a fhaightear ó ainmhithe próitéiní ardcháilíochta ar fáil agus gurb iad an fhoinsé próitéine is bith-infhaighte do dhaoine iad, rud atá thar a bheith tábhachtach do thorthúlacht na mban, dá sláinte agus do shláinte leanaí, déagóirí, agus daoine scothaosta nó daoine laga; de bhrí gur cuid d'oidhreacht chultúrtha mhór-roinn na hEorpa é tomhaltas traidisiúnta próitéiní ainmhithe i bhfoirm feola, cáise nó bainne; de bhrí go gcuireann an cleachtas seo go suaitheanach le holltáirgeacht baile Bhallstáit AE;
- N. de bhrí gur gníomhaíocht an-inbhuanaithe é táirgeadh fairsing beostoic, go háirithe i limistéir iargúlta agus shléibhtiúla, agus go gcabhraíonn sé lena áirithiú go bhfanfaidh daoine ina gcónaí sna limistéir sin;
- O. de bhrí gur féidir le próitéin uisceach agus do Bharshaothraithe inbhuanaithe rannchuidiú le slándáil dhomhanda bia, le cothú agus le haistí bia sláintiúla agus cothroma; de bhrí go bhféadfaidh dian-dobharshaothrú, go háirithe lasmuigh de AE, tionchair dhiúltacha éagsúla a ghiniúint ar an gcomhshaol go minic, amhail na hiarmhairtí a bhaineann le ceimiceáin nó antaibheathaigh a úsáid; de bhrí gur féidir le halgaí cabhrú chun tionchair dhiúltacha an do Bharshaothraithe ar an gcomhshaol a laghdú;
- P. de bhrí gur lamháladh le Rialachán (AE) 2015/2283<sup>3</sup> go bhféadfaí feithidí a úsáid le haghaidh cothú an duine, d'ainneoin go dtugtar rabhadh sa staidéar ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, arna choimisiúnú ag an gCoimisiún féin, go bhfuil rioscaí suntasacha sláinte ann; á mholadh go láidir go go ndéanfaí tuilleadh taighde agus go mbaileofar sonraí ar pharaisítí agus éilleáin phataigineacha an duine, i measc nithe eile;

---

<sup>3</sup> Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún (IO L 327, 11.12.2015, lch. 1).

de bhrí nach ndearnadh dóthain taighde air sin agus nár bailíodh na sonraí riachtanacha go fóill;

- Q. de bhrí go bhfuil an margadh do phróitéin a tháirgtear go hinbhuanaithe, go háirithe próitéin atá bunaithe ar phlandaí agus ar ainmhithe, tar éis forbairt le blianta beaga anuas; de bhrí go gcruthaíonn táirgeadh na bpróitéiní sin go leor deiseanna d'fheirmeoirí agus do tháirgeoirí bia na hEorpa; de bhrí go bhfuil éileamh ard atá ag dul i méid, glacadh agus tairbhe as aibíocht theicneolaíoch cheana féin ag próitéiní plandabhunaithe;
- R. de bhrí go bhfuil tomhaltóirí ag iarraidh níos mó trédhearcachta agus faisnéise faoi inbhuanaitheacht bia agus leas ainmhithe; de bhrí nach bhfuil aon lipéid chaighdeánaithe dheonacha ná dearbhuithe táirgí ann chun inbhuanaitheacht chomhshaoil próitéiní a dheimhniú lena gcaitheamh ag an duine nó le cothú ainmhithe, nó na caighdeáin leasa ainmhithe ina dtáirgeadh
- S. de bhrí go bhfuil sé tábhachtach cur chuige slabhra luacha a ghlacadh chun breisluach a chruthú i bpróitéiní a tháirgtear go hinbhuanaithe, go háirithe próitéiní plandabhunaithe, ós rud é go bhfeabhsaíonn táirgeadh táirgí ard-bhreislúacha a fhaightear go háitiúil an slabhra luacha agus go spreagann sé feirmeoirí infheistíocht a dhéanamh;
- T. de bhrí gur gá feirmeoirí a áireamh sa taighde agus sa nuálaíocht i dtáirgeadh inbhuanaithe gach foinse próitéine; de bhrí go méadófaí sa taighde agus sa nuálaíocht a bhfócas ar phróitéin atá bunaithe ar phlandaí agus ainmhithe ós rud é gur dhírigh taighde agus nuálaíocht phríobháideach agus phoiblí AE araon ar ghránaigh agus ar shíolta ola le blianta beaga anuas den chuid is mó;
- U. de bhrí nach sroicheann oiliúint ghinearálta agus aistriú eolais ach thart ar 10 % de ghabháiltais feirme AE; de bhrí go bhfuil géarghá le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh in oiliúint agus i seirbhísí comhairleacha d'fheirmeoirí, chun fios gnó a scaipeadh maidir le barra próitéine, dea-chleachtais a scaipeadh, saothrú féarthailte a chur chun cinn agus eastóscadh próitéine ó fhoinsí malartacha;

### ***Gá soiléir le straitéis chuimsitheach próitéine de AE chun leas a bhaint as poitéinseal próitéiní***

1. Á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis chuimsitheach uailmhianach próitéine de AE a thíolacadh go práinneach lena gcumhdófar táirgeadh inbhuanaithe próitéin atá bunaithe ar phlandaí agus ainmhithe, agus lena n-áirítear bearta éifeachtacha chun borradh a chur faoin neamhspleáchas oscailte próitéine Eorpach sa ghearrthearma, sa mheántearma agus san fhadtearma; á chur i bhfios go láidir gur cheart tosaíocht a thabhairt do tháirgeadh barr próitéine agus próitéine plandabhunaithe agus é mar chuspóir slándáil bia na hEorpa a áirithiú;
2. Á mheas gur cheart treochlár tascach próitéine AE a bheith bunaithe ar na nithe seo a leanas:
  - (a) fis do tháirgeadh próitéine agus sreafaí trádála straitéiseacha agus inbhuanaithe AE a oireann dár riachtanais agus dár gceanglais;

- (b) plean gníomhaíochta chun táirgeadh agus tomhaltas próitéine plandabhunaithe a mhéadú in AE;
- (c) coinníollacha níos fearr do tháirgeadh próitéine atá bunaithe ar phlandaí agus ar ainmhithe araon in AE;
- (d) córais phróitéine atá slán ó thaobh an gheilleagair agus an chomhshaoil de a fhorbairt le haghaidh bia agus beatha;
- (e) cur chuige iomlánaíoch nach mór feirmeoirí a áireamh mar aon leis an slabhra luacha bia ina iomláine, agus breisluach féideartha an gheilleagair chiorclaigh i gcás gurb iomchuí á chur i gcuntas;
- (f) gníomhaíochtaí nithiúla beartais eolaíocht bhunaithe chun forbairt próitéiní a tháirgtear go hinbhuanaithe agus nuálaíocht agus taighde sa réimse sin a chur chun cinn;

***Fís chun táirgeadh próitéine an Aontais a mhéadú;***

3. á chur i bhfios go láidir, ó thaobh na geopholaitíochta agus na straitéise de, agus chun slándáil bia a áirithiú, nach mór leibhéil athléimneachta na hEorpa a mhéadú go suntasach in earnálacha ríthábhachtacha amhail soláthar bia agus beatha trí laghdú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar spleáchas ar tháirgí agus acmhainní talmhaíochta ó sholáthróir amháin nó ó roinnt soláthróirí trí tháirgeadh intíre níos láidre, agus iomaíochas AE á fheabhsú chun comhchruinniú na margáí i lámha cúpla príomhghníomhaithe a sheachaint; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur gá do AE dlús a chur le táirgeadh próitéine plandaí agus nach bhfuil sé sin indéanta ach i gcéimeanna ionas go mbeidh feirmeoirí agus margáí in ann oiriúnú dá réir;
4. á thabhairt chun suntais nach mór táirgeadh inbhuanaithe, éagsúlaithe agus intíre próitéine a aithint mar ghné ríthábhachtach de chóras bia agus beatha AE chun infhaighteacht leordhóthanach bia agus beatha atá sábháilte agus ar ardchaighdeán a áirithiú agus chun slabhraí soláthair bia agus sreafaí trádála atá feidhmiúil agus athléimneach a choinneáil; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé an sprioc maidir le soláthar próitéine níos inbhuanaithe agus níos éagsúlaithe a bhaint amach i gcóras bia AE;
5. á mheas go bhféadfadh tairbhí suntasacha a bheith ag fás plandaí próitéine agus féarthailte do cháilíocht na hithreach, don chomhshaol agus don bhithéagsúlacht, agus faoi choinníollacha áirithe go bhféadfaidís ionchuir amhail leasacháin agus táirgí cosanta plandaí a laghdú; á chur i bhfios go bhfreastalaíonn feirmeoireacht mhór ainmhithe atá bunaithe ar fhéarthalamh freisin ar riachtanais chothaithe nádúrtha ainmhithe, gur féidir éifeachtaí dearfacha a bheith aici ar an gcomhshaol agus gur féidir léi rannchuidiú le maolú an athraithe aeráide; ag cur béim ar a thábhachtaí atá gránaigh agus féarthailte, go háirithe féaraigh agus féaraigh seamair, mar fhoinsé beatha do bheostoc; á chreidiúint go bhféadfadh na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar éiciscéimeanna do léagúim agus féarthailte a rolladh amach agus cistí tiomnaithe do phlandaí próitéine a chruthú, atá déanta cheana féin i roinnt Ballstát; á chur i bhfáth gur gníomhaíocht inbhuanaithe é táirgeadh fairsing beostoic, go háirithe i gceantair iargúlta

agus shléibhtiúla, agus go gcuireann sé dreasachtaí breise ar fáil do phobail áitiúla chun cónaí sna limistéir sin;

6. á chur i bhfios gur cheart go rannchuideodh treochlár luachmhar táscach próitéine le neamhspleáchas próitéine na hEorpa agus le hathléimneacht agus saibhreas fheirmeoirí agus cheantair thuaithe na hEorpa araon; á aithint go bhféadfadh foinsí próitéine ról a bheith acu sa gheilleagar ciorclach; á mheas, agus ciorclaíocht fhéideartha na bhfotháirgí agus na dramhaíola á cur san áireamh agus á áirithiú go dtáirgfear gach cineál próitéine atá ar fáil, go háirithe próitéiní atá bunaithe ar phlandaí agus ainmhithe, gur féidir rannchuidiú le leibhéil arda sláinte an duine a choinneáil agus an t-aistriú chuig córais bhia atá níos suáilcí a éascú, agus inacmhainneacht bia a fheabhsú ag an am céanna; á mheabhrú a thábhachtaí atá an chomhoiriúnacht fhéideartha idir feirmeoireacht beostoic agus saothrú barr inbhuanaithe;
7. á mheas gur bealaí éifeachtacha iad táirgeadh próitéiní plandaí a fhorbairt i gcomhréir le gnáthchaighdeáin agus gnáthúsáidí Eorpacha, agus táirgeadh beostoic a dhéanamh níos brabúsaí agus a inbhuanaitheacht a choinneáil ag an am céanna trí bhearta amhail ciorclaíocht na slabhraí luacha bia agus beathaithe a mhéadú, chun aghaidh a thabhairt ar go leor dúshlán atá os ár gcomhair amhail athlonnú táirgeachta agus ró-iascaireacht lasmuigh den Aontas; á chreidiúint go bhféadfadh ról lárnach a bheith ag feirmeoirí i gcóras próitéine athléimneach a thógáil má thacaítear go cuí leis; á aithint go bhfuil gá le cur chuige iomlánaíoch i leith córais bhia inbhuanaithe agus athléimneacha chun próitéiní a tháirgeadh;
8. á mheas gur cheart go gcomhlíonfadh táirgí allmhairithe caighdeáin inbhuanaitheachta inchomparáide chun cuidiú le táirgeoirí AE a bheith níos iomaíche agus chun cosc a chur le hathlonnú tháirgeacht AE thar lear;
9. á mheas gur príomhchuspóir é slándáil bia AE a áirithiú lena n-éilítear cothrom iomaíochta agus tacaíocht láidir don earnáil talmhaíochta Eorpach; ag tabhairt rabhaidh faoi aon iarracht chun líon beostoic a laghdú, rud a bheadh fritorthúil;

### ***Coinniollacha níos fearr le haghaidh táirgeadh próitéine san Aontas***

10. ag cur béim ar an bhfioras go dtosaíonn slándáil bia, agus dá bhrí sin táirgeadh próitéine le feirmeoirí, le tacaíocht ó iascairí agus ó fheirmeoirí do bharshaothraithe, agus nach mór dóibh, dá bhrí sin, a bheith i gcroílár na straitéise, ós rud é go bhfuil siad ríthábhachtach chun córas próitéine athléimneach a thógáil; á chur i bhfáth go bhfuil earnáil bhrabúsach talmhaíochta, bia agus beatha ina réamhriachtanas d'earnáil láidir próitéine san Aontas; á iarraidh ar na Ballstáit, dá bhrí sin, deiseanna a fhiosrú a chuideodh samhail ghnó bhrabúsach a chruthú d'fheirmeoirí chun cabhrú leo a mbarra nach bhfuil chomh brabúsach a thiontú go táirgí tarraingteacha bia agus beatha trí athléimneacht barr, táirgeacht próitéine agus cáilíocht próitéine a mhéadú;
11. á chur i bhfáth nach mór do thalmhaíocht agus do ghnólachtaí na hEorpa éirí níos iomaíche i bpróitéiní le haghaidh bia agus beatha agus go bhfuil earnáil na talmhaíochta ag brath ar ionchuir inbhuanaithe agus inacmhainne amhail fuinneamh, beatha, breiseáin bheatha, ábhar maith plandaí, leasacháin agus ithreacha ar ardchaighdeán; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, chun iomaíochas tháirgeoirí próitéine na hEorpa a mhéadú, nach mór dreasachtaí a mhéadú agus nach mór ualaí rialála nach bhfuil gá leo

ar tháirgeadh próitéine a mhaolú;

12. ag aithint a thábhachtaí atá breiseáin bheatha maidir le díleá próitéine a fheabhsú agus maidir le straitéisí beathaithe cearta agus athfhoirmlíú beatha a áirithiú; á chur i bhfáth nach mór an tréimhse údaraithe do bhreiseáin bheatha a ghiorrú agus níos mó solúbthachta a cheadú; á chur i bhfios go láidir nár cheart, le próiseas athnuachana na n-údaraithe, go mbeadh an baol ann go gcuirfí deireadh le húsáid breiseáin éifeachtacha de réir a chéile;
13. á mheabhrú go mbeidh sé dodhéanta táirgeadh próitéine planda-bhunaithe a mhéadú gan ábhair phlandaí ar ardchaighdeán; á mheabhrú go gcuirfidh teicnící nua pórúcháin deiseanna iontacha ar fáil chun plandaí agus speicis atá oiriúnaithe go réigiúnach a fhorbairt a bheidh barrfheabhsaithe do dhálaí Eorpacha, lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí; á mheas go bhfuil gá le tuilleadh taighde agus forbartha ar ghránaigh, ar phlandaí próitéine agus ar fhéar chun a luach cothaitheach a mhéadú agus chun iad a chur in oiriúint níos fearr do dhálaí áitiúla agus níos frithsheasmhaí in aghaidh bagairtí nádúrtha;
14. á iarraidh go nglacfaí go pras creat saincheaptha do theicnící pórúcháin nua chun go bhféadfar cineálacha plandaí nua agus láidre a fhorbairt níos tapúla, lena n-áirítear barra próitéine;
15. á mheas go bhfuil ról ríthábhachtach ag rialú lotnaidí agus pataigine i mbuaint barr próitéine rathúil agus go bhfuil sé ríthábhachtach faireachán agus taighde eolaíoch a dhéanamh dá bhrí sin ar tharlú, ar fhorbairt agus ar leathadh na lotnaidí agus na bpataiginí sin; á aithint go bhfuil sé tábhachtach bearta éifeachtúla a fhorbairt chun an damáiste eacnamaíoch a dhéanann na lotnaidí agus na pataiginí sin a laghdú agus bearta malartacha a fhorbairt ag úsáid nuálaíochtaí teicniúla, amhail feirmeoireacht bheacht nó róbataic, feithidí tairbhiúla nó lotnaidicídí ísealghuaiseacha chun borradh a chur faoi tháirgeadh iomlán próitéine san Eoraip; ag tabhairt rabhaidh i gcoinne spriocanna ceangailteacha laghdaithe lotnaidicídí a ghlacadh a d'fhéadfadh cur isteach ar thorthaí agus ar ioncaim agus, dá bhrí sin, ar tharraingteacht an táirgthe próitéine;
16. á chreidiúint go gcuireann toirchiú féaraigh ag úsáid aoiligh le neamhthuilleamaíocht feirmeoirí i dtaca le próitéiní; á mheas go bhfuil féar atá toirchithe i gceart fós ar an bhfoinse próitéine is saoire, is éifeachtúla agus is inbhuanaithe d'athchogantaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún, agus na measúnuithe comhshaoil a rinneadh cheana á gcur san áireamh, bearta beartais meántéarmacha agus fadtéarmacha a mholadh gan mhoill chun lúb na gothaitheach a dhúnadh, mar shampla trí chead a thabhairt táirgí orgánacha malartacha a úsáid amhail nítrigin aisghafa ó dhíleáiteán, bithdhramhaíl, aoileach eile (RENURE) agus dramhaíl thionscal an bhia, trína n-aicmiú mar tháirgí ionadacha do leasacháin cheimiceacha; á iarraidh ar an gCoimisiún é sin a dhéanamh ar bhonn critéir eolaíoch agus é a chur chun cinn mar dheis d'fheirmeoirí a spleáchas ar leasacháin cheimiceacha a laghdú agus ciorclaíocht ar an bhfeirm agus táirgeadh inbhuanaithe beostoic a mhéadú trí iarmhair amhail aoileach a aisghabháil agus a athúsáid;
17. á mheabhrú go bhféadfadh táirgeadh bithmheatáin, bithgháis, bithbhreoslaí nó ceimiceán bithbhunaithe eile a úsáideann sruthanna bithdhramhaíola a bheith ar cheann

de na tosca a chuireann le táirgeadh níos brabúsaí trí fhoinse ioncaim bhreise shuntasach a chur ar fáil lena bhfeabhsaítear luach na mbarr sin atá ar mhóras próitéine agus a neartódh, dá bhrí sin, an cás gnó d'fheirmeoirí chun iad a ghlacadh; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh fotháirgí a bheith á n-úsáid ar níos mó bealaí le haghaidh bithfhuinnimh mar thoradh ar mhéadú ar tháirgeadh próitéine plandaí le haghaidh bia agus beatha agus, dá bhrí sin, go bhféadfaí luach eacnamaíoch níos airde a ghiniúint ó tháirgeadh barr próitéine;

18. ag aithint gur minic a theastaíonn cleachtais nua bainistithe agus comhar idir feirmeoirí chun barra atá ar mhórán próitéine a fhorbairt, a shaothrú agus a úsáid; á mheas gur cheart anailís a dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-aithneofaí struchtúir eagraíochtúla nua laistigh de CBT;
19. á chur i bhfáth, chun borradh a chur faoi infheistíochtaí in ithreacha níos sláintiúla agus i gcleachtais nua maidir le huainíocht na mbarr, nach mór meastóireacht ar na seirbhísí a sholáthraítear don tsochaí a bheith ag gabháil le spriocanna fadtéarmacha;

***Earnáil na bpróitéiní atá cuí agus feidhmiúil a áirithiú trí aitheantas a thabhairt don ról comhlántach atá ag próitéiní plandaíbhunaithe agus próitéiní ainmhithe araon sa chóras***

20. ag cur sonrú san acmhainneacht shuntasach agus sa bhreisluach a bhaineann le próitéiní atá bunaithe ar phlandaí agus ar ainmhithe a tháirgtear go háitiúil agus á thabhairt chun suntas go rachaidh forbairt inbhuanaithe na hearnála chun tairbhe d'fheirmeoirí na hEorpa, do cháilíocht na hithreach, do thimthriallta cothaitheach, don bhithéagsúlacht, agus do shláinte an duine agus go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do shlándáil bia na hEorpa;
21. á chur i bhfios go láidir nach mór do bheartais cothrom iomaíochta a chruthú do na geallsealbhóirí agus na táirgí uile, agus nach mór tomhaltas próitéine a dhéanamh níos inacmhainne; ag tacú le bearta beartais a chuireann ar chumas tomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir tionscnaimh gheografacha táirgí, lena n-áirítear bia próiseáilte, agus na dálaí maidir le leas ainmhithe ina dtáirgeadh;
22. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá gairbhseach, amhail ó fhéarthailte nó seamair féir, go háirithe in éineacht le táirgeadh beostoic, mar fhoinse próitéine agus na comhthairbhí dearfacha a bhíonn ag féarthailte ar an mbithéagsúlacht; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit úsáid a bhaint as uirlisí CBT, amhail éiciscéimeanna, chun feirmeoirí a dhreasú leis na foinsí próitéine sin a fhás; á chur i bhfios go láidir gur bealach éifeachtúil í feirmeoireacht na n-athchogantach chun féarthailte buana a thiontú ina bia lena chaitheamh ag an duine;
23. á mheabhrú go ranncuidíonn táirgeadh próitéiní ainmhithe ag úsáid acmhainní do-ite mar bheatha, amhail foráiste agus seachtháirgí ó phróiseáil plandaí próitéine, go mór le dramhaíl bia a laghdú, go dtugann sé breisluach suntasach do tháirgeadh plandaí próitéine agus go bhfuil sé ríthábhachtach freisin chun ceantair thuaithe dhinimiciúla, bainistiú tírdhreacha agus caomhnú an chomhshaoil a áirithiú;
24. ag spreagadh táirgeadh pónairí soighe san Aontas Eorpach mar fhoinse próitéine plandabhunaithe, a d'fhéadfaí a chur chun cinn trí infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt chun cáilíocht agus táirgeacht na mbarr a fheabhsú; ag tarraingt aird ar an ngá



atá le rochtain ar chistiú a áirithiú agus ar an ngá atá le tacaíocht bhreise do tháirgeoirí talmhaíochta, lena n-áirítear táirgeoirí beaga, chun dlús a chur le táirgeadh pónairí soighe in AE; á mheas gur gá dea-chleachtais talmhaíochta a shainaithe agus a chur chun cinn maidir le saothrú pónairí soighe in AE, lena n-áirítear úsáid teicneolaíochtaí inbhuanaithe táirgthe agus comhlíonadh rialacha maidir le cosaint an chomhshaoil; ag tarraingt aird ar an ngá atá le spleáchas ar shoighe i mbeatha ainmhithe ó thíortha nach den Aontas Eorpach iad a laghdú;

25. á chur i bhfáth gur cheart go ndíreodh cláir thaighde ar bharrá próitéine plandaí atá oiriúnach d'aeráid na hEorpa, do dhálaí fáis agus do nósanna cothaithe na hEorpa, agus ar féidir iad a chomhtháthú sna córais feirmeoireachta atá ann cheana; á chreidiúint go bhfuil sé tábhachtach tacú le feirmeoirí san aistriú sin, bacainní iontrála isteach sa mhargadh sin a bhaint agus cabhrú le feirmeoirí tairbhe a bhaint as na slabhraí luacha nua sin;
26. á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh taighde agus forbartha ar chineálacha barr a bhfuil timthriallta táirgeachta gairide acu a sholáthraíonn foinsí breise próitéine atá oiriúnach d'idirchuraíocht laistigh de na pleananna uainíochta barr atá ann cheana;
27. ag spreagadh na mBallstát gach dreasacht CBT atá ar fáil a úsáid chun fás barr léagúmach a mhéadú, lena n-áirítear tacaíocht chúpláilte, bearta agra-chomhshaoil, seirbhísí comhairleacha agus cláir earnála nua; á mheas, ina theannta sin, go bhféadfadh feachtais chur chun cinn chun borradh a chur faoin éileamh ar léagúim do bhia dul i bhfad i dtreo táirgeadh AE a spreagadh, agus nósanna cothaithe na hEorpa á n-urramú ag an am céanna;
28. ag aithint go bhfuil acmhainneacht mhaith ag cnáib mar bharrá próitéine inbhuanaithe agus á aithint gur gá éascú a dhéanamh ar a saothrú agus a próiseáil isteach i mbia agus i mbeatha;
29. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé caighdeán inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm maidir le táirgí allmhairithe, agus dá bhrí sin iomaíochas tháirgeoirí na hEorpa a chosaint agus faisnéis thrédhearcach a áirithiú do thomhaltóirí;
30. á chur i bhfáth go gcuireann earnáil iascaigh na hEorpa foinse thábhachtach próitéine ardcháilíochta inbhuanaithe ar fáil lena húsáid ag an duine i bhfoirm iasc úr; á chur i bhfios go láidir nach mór feabhas a chur ar inmharthanacht earnáil an iascaigh trí bhearta chun faoiseamh a thabhairt d'iascairí, a raibh ualach rialála AE ag méadú go hiomlán orthu le blianta fada anuas chomh maith le méadú ar phraghsanna fuinnimh;
31. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag earnálacha iascaigh agus do bharshaothraithe na hEorpa maidir le slándáil bia agus aistí bia a áirithiú bunaithe ar phróitéin shláintiúil ardcháilíochta; á chur i bhfáth gur féidir ról tábhachtach a bheith ag a gcuid táirgí maidir le córas bia inbhuanaithe a thógáil; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go n-aithneofar sa straitéis Eorpach próitéine atá ar na bacáin ról na n-earnálacha iascaigh agus do bharshaothraithe agus go bhféadfaí feabhas a chur ar leas ainmhithe in earnáil an do bharshaothraithe, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le níos lú galar, úsáid laghdaithe antaibheathach agus éiceachórais níos sláintiúla, agus á aithint ag an am céanna go bhfuil ardchaighdeán inbhuanaitheachta bainte amach cheana féin in AE; á

chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go mbeadh na hearnálacha rannpháirteacha i bhforbairt a straitéise próitéine;

32. á thabhairt chun suntais gur glan-allmhaireoir táirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe é AE, ós rud é go ndéantar beagnach 60 % den tomhaltas iomlán in AE a allmhairiú ó thíortha nach tíortha den Aontas iad; á mheas, dá bhrí sin, gur gá inmharthanacht eacnamaíoch eárnálacha iascaigh agus do Bharshaothraithe na hEorpa a neartú agus a n-inbhuanaitheacht a aithint, agus a dtrí ghné (eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta) á gcur san áireamh chun spleáchas méadaitheach AE ar allmhairí a laghdú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá eárnálacha iascaigh agus an do Bharshaothraithe inbhuanaithe do sholáthar próitéine AE agus, go háirithe, don ról tábhachtach atá ag iascairí ceirde agus ar mionscála chomh maith le bailitheoirí sliogéisc, in AE agus in áiteanna eile araon;
33. ag cur béim ar an bhfíoras gur cuid riachtanach d'aiste bia shláintiúil é tomhaltas rialta táirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe agus, a bhí lena airíonna croíshláintiúla, go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag tomhaltas éisc aghaidh a thabhairt ar ghalair a bhaineann le haiste bia amhail galar cardashoithíoch; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, dá bhrí sin, an meath atá tagtha ar thomhaltas éisc in AE; á iarraidh ar na Ballstáit ról na dtáirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe a mhéadú, go háirithe ó tháirgeoirí áitiúla, ina mbeartais agus cláir chothaitheacha, go háirithe trí thomhaltas bia uiscigh a chur chun cinn i measc grúpaí sonracha, amhail daoine óga, agus fiú trí thomhaltas na dtáirgí sin a thabhairt isteach nó a fheabhsú i scoileanna agus trí chláir atá dírithe ar dhul i ngleic le heasnamh chothaitheacha shonracha; á mheabhrú, thairis sin, go gceadaítear le Treoir 2006/112/CE<sup>4</sup> do na Ballstáit rátaí laghdaithe CBL a chur i bhfeidhm ar earraí bia agus ar sheirbhísí gaolmhara; á iarraidh ar na Ballstáit úsáid a bhaint as an bhféidearthacht sin do tháirgí éisc, i bhfianaise na dtairbhí a bhaineann le tomhaltas éisc;
34. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur modh tábhachtach é an do Bharshaothrú inbhuanaithe chun próitéin a tháirgeadh agus go soláthraíonn algaí foinse mhaith próitéine le haghaidh beatha; á chur i bhfios go bhfuil acmhainneacht ann don nuálaíocht agus do ghnólachtaí nua a chruthú trí fhothaí nua éisc a chruthú a mbeidh tionchar íoslaghdaithe acu ar an mbithéagsúlacht agus gur gá an truailliú uisce de bharr an do Bharshaothraithe a laghdú tuilleadh; á chur i bhfáth gur bealach chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar go leor de na dúshlán chomhshaoil atá os comhair eárnálacha iascaigh agus do Bharshaothraithe AE ná tuilleadh forbartha agus nuálaíochta inbhuanaithe a dhéanamh i dtáirgeadh próitéiní plandaí agus foinsí comhlántacha próitéine;
35. á chur i bhfáth gur féidir le do Bharshaothrú agus muirshaothrú AE rannchuidiú i bhfad níos mó ná mar a dhéanann siad faoi láthair le táirgeadh inbhuanaithe bia, agus próitéin níos sláintiúla, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a chur ar fáil nach bhfuil chomh spleách céanna ar bheatha iascbhunaithe agus nach n-úsáideann beatha a dhíorthaítear ó tháirgeadh mine éisc agus ola éisc lena mbaintear úsáid as gabhálacha ó iascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuaiscithe;
36. á mheas go bhféadfaí gach foinse próitéine a d'fhéadfadh a bheith ann do chothú ainmhithe a mheas agus urraim chuí á thabhairt do na slabhraí bia nádúrtha, ar choinníoll

---

<sup>4</sup> Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

go gcomhlíonann siad ardchaighdeáin sábháilteachta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na ceanglais arda fuinnimh a bhaineann le pórú feithidí ar mórsála agus á chur i bhfáth gur gá anailís a dhéanamh ar éifeachtaí comhshaoil, sláinte, leasa ainmhithe, sóisialta agus eacnamaíocha;

37. ag diúltú d'úsáid feithidí mar bhia don duine chomh maith leis an gcoincheap go bhféadfadh feithidí a bheith ina bhfoinse inmhathana próitéine; ag tabhairt rabhadh i gcoinne seachtháirgí feithidí nó feithidí a úsáid gan lipéad mar fhoinse próitéine lena gcaitheamh ag an duine, go háirithe i mbia próiseáilte; á iarraidh ar na Ballstáit lipéadú éigeantach a chur chun feidhme do bhia lena n-áirítear feithidí nó seachtháirgí feithidí chun ionchais dhlísteanacha trédhearcachta thomhaltóirí na hEorpa a chomhlíonadh;
38. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú tionchair cuimsitheach ar na rioscaí a bhaineann le bianna núíosacha don tsamhail talmhaíochta Eorpach, don tsochaí, do shláinte an duine, don chomhshaoil agus don gheilleagar; á chur i bhfáth gur cheart prionsabal an réamhchúraim a chur san áireamh;
39. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na gnéithe eiticiúla, sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha a bhaineann le bia cille-bhunaithe, a tháirgtear trí chealla a shaothrú atá leithlisithe as plandaí agus as ainmhithe; á mheabhrú nach bhfuil an Rialachán maidir le Bia Núíosach<sup>5</sup> oiriúnach don fheidhm; á mheas, dá bhrí sin, nach gceadófar bia cillebhunaithe ar an margadh Eorpach;

#### ***Cur chuige iomlánaíoch lena gcumhdaítear an slabhra luacha bia ina iomláine***

40. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le comhordú agus comhoibriú feabhsaithe idir geallsealbhóirí an tslabhra soláthair, feadh an tslabhra luacha ina iomláine, chun na bearnaí atá ann faoi láthair idir feirmeoirí, próiseálaithe agus miondíoltóirí a líonadh; á chur i bhfáth gur cheart comhar comhchoiteann níos láidre idir na gníomhaithe, go háirithe trí eagraíochtaí feirmeoirí agus comharchumainn talmhaíochta, a chur chun cinn go gníomhach d'fhonn slabhraí luacha a bhfuil luach níos airde acu a mhúnlú;
41. á iarraidh, ina leith sin, ar na Ballstáit agus ar gheallsealbhóirí úsáid a bhaint as na rialacha uile atá ar fáil dá bhforáiltear sa Rialachán maidir le Comheagrú na Margáí Talmhaíochta<sup>6</sup> a úsáid chun slabhraí éifeachtúla agus nuálacha a chur chun cinn; á iarraidh ar gheallsealbhóirí conraitheoireacht a fhorbairt chun táirgeadh a phleanáil san fhadtéarma; á chreidiúint go bhfuil ról lárnach ag eagraíochtaí táirgeoirí, go háirithe comharchumainn, chomh maith le heagraíochtaí idirchraoibhe, maidir leis na slabhraí luacha próitéine a struchtúru agus a neartú;
42. ag cur béim ar a thábhachtaí atá glacadh tomhaltóirí agus faisnéis do thomhaltóirí; á chur i bhfáth gur gá do tháirgeadh próitéiní plandabhunaithe ionchais na dtomhaltóirí a

<sup>5</sup> Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún (IO L 327, 11.12.2015, lch. 1).

<sup>6</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

shásamh, rud a fhágann gur gá feabhas breise a chur na próitéiní sin ó thaobh blais, uigeachta, luacha chothaithigh agus praghais de;

43. á mheas, chun ionchais na dtomhaltóirí a shásamh agus chun trédhearcacht a áirithiú, nach ceadmhach riamh, leis na téarmaí a úsáidtear chun feoil a ainmniú agus a mhargú san Eoraip, go bhféadfaí bia a lipéadú nó a fhógairt mar fheoil mura bhfuil sé bunaithe ar phróitéin ainmhióch, agus é á chur san áireamh nach feoil iad feithidí an duine;
44. á mheas go bhfuil tomhaltóirí ag éirí níos eolaí faoin mbia a itheann siad agus faoin gcaoi ar táirgeadh é; á iarraidh an athuair go gcuirfi tuilleadh faisnéise ar fáil do thomhaltóirí maidir leis na modhanna táirgthe agus maraithe a úsáidtear i dtáirgeadh feola chun rannchuidiú le córas bia atá cothrom, áitiúil, sláintiúil agus fabhrach do leas ainmhithe; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún an ceanglas maidir le tásca éigeantacha tionscnaimh nó bunáitíochta a leathnú chuig táirgí eile; á iarraidh ar na Ballstáit córas lipéadaithe éigeantach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina léireofar na modhanna maraithe a úsáidtear do tháirgí feola;
45. á thabhairt chun suntais nach dtiocfaidh méadú ar an méid próitéine plandaí a tháirgtear go hinbhuanaithe san Aontas in éagmais éilimh ar an margadh nó brabús leormhaith d'fheirmeoirí; á chreidiúint go bhféadfadh tacaíocht phoiblí spriocdhírthe, amhail éiciscéimeanna, borradh a chur faoi bhrabúsacht shaothrú na mbarr; ag tathant ar ghníomhaithe margaidh teicnící a fhorbairt chun cion agus cáilíocht próitéine i ngránaigh, i bplandaí próitéine agus i mbeatha a shocrú chun luach na próitéine a léiriú ar bhealach níos fearr; á chur i bhfáth gur féidir le trédhearcacht mhéadaithe sa mhargadh feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh, dramhaíl a laghdú agus earnáil bhia níos ciorclaí a bhaint amach; á chreidiúint gur cheart do straitéisí beartais agus creataí reachtacha na margaí sin a dhreasú; á chur i bhfáth go bhfuil táirgeadh próitéiní plandaí a bhfuil cion próitéine níos ísle iontu, in éineacht le barra ardphróitéine a tháirgeadh, fós bunriachtanach agus gur cheart forbairt na bhfoinsí sin a bheith faoi threoir an phrionsabail maidir le maischothromaíocht dhearfach maidir le hábhar tirim agus próitéiní;
46. á mheas gur dlúthchuid den slabhra luacha próitéine ciorclach é tionscal na próiseála bia ós rud é gur féidir luach níos mó a fháil ó bharrá próitéine leis; ag cur béim ar an ngá atá le hacmhainneacht próiseála próitéine plandabhunaithe a mhéadú; á mheas gur cheart don tionscal próiseála bia a chuid sruthanna dramhaíola a mhapáil ionas gur féidir leo a bheith inchainníochtaithe;
47. á chur i bhfáth go bhfuil gá le gníomhaíocht ar gach leibhéal chun táirgeadh inbhuanaithe próitéine a mhéadú, go háirithe táirgeadh intíre próitéine plandabhunaithe, trí thacú le feirmeoirí, go háirithe feirmeacha beaga agus meánmhéide agus feirmeacha teaghlaigh; á iarraidh, dá bhrí sin, ar na Ballstáit tacaíocht infheistíochta agus taighde a thabhairt isteach agus a mhéadú maidir le leibhéil córais, gnó agus táirgeachta
48. á chreidiúint gur cheart go spreagfadh soláthar poiblí táirgeadh áitiúil próitéine;

### ***Gníomhaíochtaí beartais nithiúla***

49. á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil a thíolacadh maidir le slándáil bia agus na gníomhaíochtaí beartais seo a leanas a chur ar aghaidh:

- (a) doiciméad treorach eolaíche agus teicniúla a chomhlánaíonn an doiciméad treorach riaracháin maidir le hiarratais ar bhia núíosach a ullmhú agus a chur isteach chun an próiseas údaraithe a shoiléiriú, agus na ráthaíochtaí agus na caighdeáin sábháilteachta bia is airde á n-áirithiú ag an am céanna mar aon le meastóireacht chuí ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le caitheamh ag an duine, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim;
- (b) meascán de threoirlínte CBT lena soláthraítear creat cobhsaí, cleachtas bhainistíochta sholúbtha agus dreasachtaí chun go dtáirgfear barra, barra féaraigh agus léagúim atá ar mhórán próitéine; ba cheart táirgeadh barr ar mhórán próitéine a dhreasú laistigh de CBT reatha agus trí éiciscéimeanna; ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht barra bia ar mhórán próitéine a fhás ar thalamh atá curtha i leataobh, ar choinníoll ag an am céanna go n-urramaítear na rialacha dochta comhshaoil;
- (c) staidéar ar tharlú, ar fhorbairt agus ar leathadh lotnaidí agus pataiginí a chuireann fóimhar rathúil barr próitéine i mbaol;
- (d) straitéis shoiléir cistiúcháin don taighde agus don fhorbairt chun forbairt beart comhlántach coisctheach agus leigheasach do chosaint plandaí a chur chun cinn agus a spreagadh i dtéarmaí nuálaíochtaí teicniúla amhail feirmeoireacht bheacht nó úsáid róбатаice, feithidí tairbhiúla agus lotnaidicídí éifeachtúla agus sábháilte;
- (e) meascán de threoirlínte maidir le soláthar poiblí a fhágann gur fusa próitéiní a tháirgtear go háitiúil a thomhailt agus riachtanais áitiúla a leagan amach;
- (f) sa ghearrthéarma, maolú sealadach le deimhneacht dhlíthiúil leordhóthanach chun a áirithiú gur féidir RENURE a úsáid agus, san fhadtéarma, cur i bhfeidhm dlíthiúil na gcritéar maidir le RENURE arna bhforbairt ag an Airmheán Comhphárteach Taighde bunaithe ar chritéir eolaíoch, á n-aicmiú mar leasachán ceimiceach faoin Treoir maidir le Níotráití<sup>7</sup>;
- (g) leasú ar Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir maidir le Níotráití chun úsáid díleáiteáin ó dhramhaíl orgánach a fhaightear ó dhíleá anaeróbach ar aoileach beostoic a éascú;
- (h) beartais lena n-áirithítear go gcomhlíonann allmhairí próitéine caighdeáin táirgthe agus cháilíochta an Aontais maidir leis an tionchar ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol chun feabhas a chur ar iomaíochas tháirgeoirí an Aontais i gcomparáid le táirgeoirí lasmuigh den Aontas; beartais chun caighdeáin fheabhsaithe a chur chun cinn ar fud an domhain;
- (i) staidéar anailíseach ar an mbearna sa mhargadh le haghaidh próitéiní;

o

---

<sup>7</sup> Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

o o

50. á threorú dá hUachtarán an rún sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

Or. en